

Ráiteas

An tábhacht atá le socruithe iniúcháireachta agus cuntasachta iomchuí san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta agus i rialachas eacnamaíoch AE

Táimidne, an Coiste Tadhail de Cheannairí Uasfhorais Iniúcháireachta (SAIanna) Bhallstáit AE agus de Chúirt Iniúcháirí na hEorpa (CIE);

ag tabhairt aitheantais dúinn don obair luachmhar atá déanta ag an gComhairle Eorpach san fhorbairt ar bhearta agus uirlisí chun cobhsaíocht, comhordú agus dea-rialachas a thabhairt i réim i mbainistiú cistí poiblí agus chun iomaíochas, cruthú post agus fás a chur chun cinn;

ag leagan béime dúinn ar an bhfóras, nuair a bhogfar inniúlachtaí agus freagrachtaí a bhí náisiúnta tráth go dtí leibhéal AE nó idir-rialtasach, gur cheart go ndéanfaí iniúcháireacht agus cuntasacht a choimirciú;

ag meabhrú dúinn rún A/66/209 arna ghlacadh ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 22 Nollaig 2011 maidir le "Éifeachtúlacht, cuntasacht, éifeachtacht agus trédhearcacht an riaracháin phoiblí a chur chun cinn trí Uasfhorais Iniúcháireachta a neartú", lena gcuirtear chun suntais an prionsabal forais iniúcháireachta rialtais a bheith neamhspleách agus lena dtugtar ar aire, le meas, Dearbhuithe Lima agus Mheicsiceo ón Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhorais Iniúcháireachta (INTOSAI);

ag meabhrú dúinn tuarascáil Mheitheamh 2012 ó Uachtarán na Comhairle Eorpaí *I dtreo Fíor-Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta* ina leagtar amach fíis le haghaidh Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta (AEA) atá cobhsaí agus rathúil trí bhíthin creataí buiséadacha, eacnamaíocha agus airgeadais, agus ag an am céanna go ndéantar dlisteanacht agus cuntasacht dhaonlathach a áirithiú;

ag breithniú dúinn an Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach lena leagtar amach *Treoirphlean le haghaidh fíor-Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta domhain: Díospóireacht Eorpach a Sheoladh*;

ag fáiltiú dúinn roimh an tábhacht a leagtar ar phrionsabail na dlisteanachta agus cuntasachta daonlathaí i dtreochlár Nollaig 2012 chun fíor-AEA a bhaint amach, arna ullmhú ag Uachtarán na Comhairle Eorpaí i gcomhoibriú le hUachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, le hUachtarán an Bhainc Ceannais Eorpaigh agus le hUachtarán an Eurogrúpa, agus i gconclúidí na Comhairle Eorpaí an 14 Nollaig 2012;

ag formhuiniú dúinn na tuairimí a léirigh CIE ina litir dar dáta an 7 Feabhra 2013 chuig ionadaithe Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle Eorpaí, Chomhairle an Aontais Eorpaigh, an Choimisiúin Eorpaigh agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh (BCE) go gcuimsíonn a shainordú go ndéanfadh BCE iniúcháireacht ar bhainistíocht fhóna airgeadais i dtaca leis an maoirseacht stuamachta atá beartaithe d'institiúidí creidmheasa;

ag meabhrú dúinn ráiteas Dheireadh Fómhair 2011 an Choiste Tadhail maidir le *An Tionchar atá ag an Seimeastar Eorpach agus ag forbairtí eile le déanaí i rialachas eacnamaíoch AE ar Uasfhorais Iniúcháireachta Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus ar Chúirt Iniúcháirí na hEorpa*, ar ráiteas é a díriodh chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gCoimisiún Eorpach agus chuig parlaimintí agus rialtais Bhallstáit AE;

ag leagan béime dúinn ar na prionsabal seo a leanas a ndéanfar dá réir nuair atá cistí poiblí i gceist:

- trédhearcacht leordhóthanach i bhfoirm faisnéise iontaofa agus tráthúla lena dtugtar léargas fíorcheart ar na cuntais;
- cuntasacht iomchuí, a bhfuil grinnscrúdú poiblí i gceist léi mar aon leis na daoine atá freagrach as bainistiú na bpróiseas a thabhairt chun cuntasachta; agus
- iniúcháireacht sheachtrach poiblí leormhaith chun dearbhú agus faisnéis a sholáthar i ndáil le fáil agus úsáid cistí poiblí, chomh maith leis na rioscaí chuig a nochtar iad, rud a bheadh ag teacht leis na caighdeáin idirnáisiúnta iniúcháireachta (ISSAlanna).

Ag comhaontú an méid seo a leanas:

Beidh na pléití a bheidh ag an gComhairle Eorpach i Meitheamh 2013 maidir leis an Treochlár ina ndeis thábhachtach chun iniúcháireacht sheachtrach poiblí agus cuntasacht a choimirciú agus a threisiú nuair a thabharfar chun críche an AAE, an t-aontas baincéireachta agus comhordú neartaithe na mbeartas eacnamaíoch, agus déanfar an méid sin go háirithe trí:

- **Creat comhleanúnach iniúcháireachta agus cuntasachta a thógáil**

Ní féidir déanamh d'uireasa na ról faoi seach atá ag Parlaimint na hEorpa agus ag na parlaimintí náisiúnta sna próisis reachtaíochta agus cuntasachta, mar aon lena gcaidreamh frithpháirteach ina leith seo, agus ba cheart na ról sin a chaomhnú.

A mhéid a bhaineann le próiseas reachtaíochta AE, ba cheart na slabhraí cuntasachta náisiúnta agus AE, chomh maith leis an gcaidreamh idir SALanna agus na parlaimintí náisiúnta, a choimirciú, agus a bheith ag teacht leis na bunreachtanna náisiúnta;

- **Tábhacht na hiniúcháireachta seachtraí poiblí i reachtaíocht AE a aithint**

Tá iniúcháireacht sheachtrach, atá neamhspleách agus leormhaith, ar leibhéal AE agus ar an leibhéal náisiúnta fíorthábhachtach chun dearbhú agus faisnéis maidir le húsáid dlíthiúil, éifeachtach, éifeachtúil agus eacnamaíoch na n-airgeadas poiblí a thabhairt do reachtóirí agus do shaoránaigh agus maidir le beartais a chur chun feidhme.

Níor cheart forálacha Eorpacha a bhfuil tionchar acu ar iniúcháireacht sheachtrach poiblí a rialáil ach amháin trí ghníomhartha reachtacha AE lena n-éilítear próiseas comhairliúcháin, amhail a leagtar síos sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

- **Socruithe iniúcháireachta a threisiú maidir leis an aontas baincéireachta**

Cuireann an Coiste Tadhail chun suntais an tábhacht atá le cuimsiú iniúcháireachta leordhóthanach ar mhaoirseacht stuamachta institiúidí creidmheasa a chumasú laistigh den aontas baincéireachta atá beartaithe. Leagann an Coiste Tadhail béim ar an ngá atá le hiniúcháireacht éifeachtúil, thrédhearcach agus chuimsitheach ar na húdaráis mhaoirseachta ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach a áirithiú;

- **Socruithe iniúcháireachta a chorprú i réimse an smachta fhioscaigh**

Iarrann an Coiste Tadhail go ndéanfar breithniú cuimsitheach ar ról na hiniúcháireachta poiblí seachtraí i réimse an smachta fhioscaigh fheabhsaithe. Ba cheart gur faoi lánrogha na mBallstát a bheadh sé cúraimí a leithdháileadh chuig SALanna AE;

- **Trédhearcacht agus comhleanúchas iniúcháireachta in ionstraimí cobhsaíochta airgeadais a fheabhsú**

Leagann an Coiste Tadhail béim ar an ngá atá le socruithe iniúcháireachta seachtraí poiblí, atá éifeachtúil, thrédhearcach agus cuimsitheach, a bheith ann le haghaidh na gcistí cobhsaíochta airgeadais Eorpacha éagsúla.

Iarrann an Coiste Tadhail ar a Chathaoirleach Gníomhach, ar Ard-Iniúcháir SAI na Liotuáine, mar aon le hUachtarán SAI na Portaingéile agus le hUachtarán Chúirt Iniúcháirí na hEorpa (na Cathaoirigh Gníomhacha atá ag dul as oifig agus atá ag dul i mbun oifige faoi seach) an ráiteas seo, in ainm agus thar ceann Uachtaráin SALanna an Aontais Eorpaigh, a chur ar aghaidh chuig Uachtarán na Comhairle Eorpaí.